



## Aiste Gaeilge le scríobh? Cabhróidh an leathanach seo leat! Bain úsáid as!!!

### Cad é atá chomh... le...?

\*chomh bán le sneachta

\*chomh bog le glóthach

\*chomh ciúin le luchóg/reilig

\*chomh crua le cloch

\*chomh dearg le fuil

\*chomh dubh le gual / pic

\*chomh leisciúil le muc

\*chomh ramhar le muc

\*chomh fuar le sioc/ leac oighir

\*chomh glic le sionnach

\*chomh héadrom le cleite

\*chomh huaigneach le coill

\*chomh milis le siúcra

\*chomh sean leis na cnoic

### Cuir síos air.....

\*aisteach \*amaideach \*beomhar \*bocht \*ionraic \*brónach

\*cantalach \*contúirteach \*béasúil \*gránna \*cróga \*cruálach

\*difriúil \*éadmhar \*eolach \*feargach \*fiáin \*foirfe \*garbh \*

gealgháireach \*gleoite \*leadránach \*luachmhar \*millteanach

\*míshláintiúil \*míshásúil \*neirbhíseach \*sábháilte \*saibhir

\*santach \*scanrúil \*séimh \*suaimhneach \*slán \*slachtmhar

\*tábhachtach \*tuirseach traochta \*trioblóideach \*uafásach \*ina

phraiseach \*trína chéile \*déistineach \*cineálta \*imníoch \*suimiúil/ thar a bheith suimiúil

\*greannmhar



### Botúin coitianta

\*Le haghaidh \*in ann \*i gcomhair \*ag imirt in aghaidh \*ina dhiaidh \*mo dheartháir \* mo dheirfiúr \* mo chol ceathrar \*a fháil \*b'fhéidir

### An bhfuil focail eile ann in áit 'deas/maith'?

\*Álainn/ go hálainn \*ar fheabhas \*den chéad scoth \*dochreidte \*galánta \*gleoite

\*pléisiúrtha \*sultmhar \*thar barr \*thar a bheith... \*iontach/ go h-iontach \*taitneamhach

\*bhí gliondar croí orm \*bhí mé/bhíomar ar bís

### Am

**ag tús** an lae / na maidine / na hoíche / na seachtaine / na míosa / na bliana

**i rith** an lae / na maidine / na hoíche / na seachtaine / na míosa / na bliana

**ag deireadh** an lae / na maidine / na hoíche / na seachtaine / na míosa / na bliana

\*inniu \*inné \*arú inné \*aréir \*arú aréir \*amárach \*ar maidin \*anuraidh \*ag an deireadh seachtaine \*an tseachtain seo \*an mhí seo \*i mbliana \* an tseachtain seo caite \*an tseachtain seo chugainn

Ar a seacht a chlog/ Ar a deich a chlog/ leathuair tar éis a ...../ ceathrú chun a..... / fiche chun a.....

### **An aimsir?**

- Bhí toirneach agus tintreach ann
- Bhí sioc ann
- Bhí sé ceomhar
- Bhí clocha sneachta/ flichshneachta ag titim
- Bhí sé ag stealladh báistí / bhíomar fliuch báite
- Bhí sé millteanach fuar / bhíomar reoite leis an bhfuacht
- Bhí sé scamallach
- Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch
- Tháinig feabhas ar an aimsir
- Bhí an aimsir ag dul in olcas/ Chuaigh an aimsir in olcas

### **An bhfuil focail eile ann in áit 'ansin/ tar éis é sin'?**

\* i dtús báire \*go díreach ina dhiaidh sin \* tamall beag ina dhiaidh sin \* i ndiaidh tamall gearid \* i ndiaidh tamall fada \*faoi dheireadh \*sa deireadh thiar thall

### **Cuir abairtí le chéile le...**

- chomh maith leis sin
- dá bharr sin
- go tobann
- ina dhiaidh sin
- leis an fhírinne a rá
- mar gheall air sin
- roimh i bhfad



### **Céimeanna Comparáide**

\*mór/níos mó \*beag/níos lú \*deacair/níos deacra \*maith/níos fearr  
\*sean/níos sine \*óg /níos óige \*go dona/níos measa \*mall/níos moille \* te/níos teo  
\*ard/níos airde \*ciúin/níos ciúine \*fada/níos faide \*glan/níos glaine

### **Briathra Neamhrialta**

Rinne/ní dhearna

Chonaic/ní fhaca

Chuaigh/ní dheachaigh

Chuala/Níor Chuala

